



31 Lúnasa 2021

Ciorclán: 0044/2021

Chuig: Coistí Bainistíochta, Úinéirí/Bainisteoirí, Ceannairí Réamhscoile,
Cleachtóirí agus Baill Foirne Eile i Suíomhanna Luathfhoghlama agus
Luathchúraim (LFC)

**SOCRUITHE I gCOMHAIR RANPHÁIRTÍOCHTA IDIR
CIGIREACHT NA ROINNE OIDEACHAIS AGUS CLEACHTÓIRÍ
AGUS BAILL FOIRNE EILE I SUÍOMHANNA LUATHFHOGHLAMA
AGUS LUATHCHÚRAIM (LFC)
MEÁN FÓMHAIR 2021 - MEITHEAMH 2022**

ACHOIMRE

Leis an gclár seo:

- Tugtar aitheantas do na hiarrachtaí suntasacha a rinne cleachtóirí LFC, úinéirí, bainisteoirí agus baill foirne eile sna suíomhanna LFC lena chinntiú go bhféadfaí luathoideachas agus luathfhoghlaim na bpáistí a choinneáil le linn 2020/21
- Cuirtear eolas ar fáil maidir le rannpháirtíochtaí cigireachta arna mbeartú ag Cigireacht na Roinne Oideachais i dteannta leis na suíomhanna LFC idir Meán Fómhair 2021 agus Meitheamh 2022
- Gabhtar in ionad Chiorcláin 0042/2020 agus 0020/2021 na Roinne Oideachais.

1. Réamhrá

Is rífheasach do Chigireacht na Roinne Oideachais (RO) na dúshlán shuntasacha a cuireadh in éadan na gcleachtóirí sna suíomhanna LFC, na n-úinéirí, na gceannairí agus na mball foirne eile sna suíomhanna LFC le linn 2020/21 mar gheall ar COVID-19.

I rannpháirtíocht Chigireacht na RO i dteannta le suíomhanna LFC ó bhí Márta 2020 ann, leagadh béim ar na hiarrachtaí sármhaithe a rinneadh sna suíomhanna LFC, a rinne a mbaill foirne, an bhainistíocht agus na tuismitheoirí ionas go bhféadfaí na suíomhanna a choinneáil ag dul ar dhóigh shábháilte agus éifeachtach agus ionas go dtacófaí le foghlaim agus le folláine na bpáistí agus iad sa bhaile le linn do na suíomhanna a bheith druidte go hiomlán nó i bpáirt. Sna suíomhanna LFC léiríodh ardchruthaitheacht agus nuálaíocht i dtaca



le leanúnachas na ndeiseanna foghlama a sholáthar do pháistí agus i dtaca le dul i dteagmháil le tuismitheoirí agus le teaghlaigh le linn na paindéime.

De réir mar a thagann feabhas ar staid reatha na sláinte poiblí, i gCigireacht na RO táthar ag súil le leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm céimnithe a cláir chigireachta ina gcuimseofar réimse leathan de ghníomhaíocht chigireachta idir Meán Fómhair 2021 agus Meitheamh 2022. Foilsítear eolas maidir le gníomhaíocht chigireachta i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta (Ciorclán 0032/2021) ar líne [ANSEO](#); foilsítear eolas maidir le gníomhaíocht chigireachta in iar-bhunscoileanna agus i lárionaid oideachais ar líne [ANSEO](#).

2. Obair chigireachta agus obair forbartha arna mbeartú ag Cigireacht na Roinne Oideachais Meán Fómhair 2021 – Meitheamh 2022

In Aibreán 2021 chuir Cigireacht na RO tús le cur i bhfeidhm céimnithe cláir chigireachta tar éis athoscailt suíomhanna LFC. Ar dtús báire, ba ar stiúradh na gcigireachtaí Leantacha (CLanna) a leagadh an bhéim, agus bhí líon beag Cigireachtaí ar Oideachais sna Luathbhlianta (COLanna) ag tarlú leis. Is iondúil go dtarlaíonn na cigireachtaí Leantacha (CLanna) tar éis bliana ar a laghad ó foilsíodh tuarascáil ón gCigireacht Oideachais Luathbhlianta le go mbeidh deis sa suíomh sin dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na moltaí ón gcigireacht.

2.1 Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta (COLanna) agus Cigireachtaí Leantacha (CLanna)

Cuirfear tús an athuair le clár iomlán cigireachta Chigireacht na RO ó Mheán Fómhair 2021 agus cuimseofar líon suntasach COLanna leis. Le cois ár gcláir COLanna, beimid i mbun cigireachtaí leantacha.

Leagtar amach mionsonraí na gcigireachtaí seo sa *Treoir don Chigireacht Oideachas Luathbhlianta* atá ar fáil ar:

<https://assets.gov.ie/25240/4c576987572a4d458f271d2d21bcda9e.pdf>,

2.2 Pleananna le haghaidh fhadú Cigireachtaí Oideachas Luathbhlianta (COLanna) na RO d'fhonn meastóireacht a áireamh ar sholáthar an oideachais do pháistí 0-3 bliana d'aois

Tá ról ag Cigireacht na RO maidir le dearbhú cáilíochta an tsoláthair oideachais Státmhaoinithe d'fhoghlaimeoirí idir 2 bhliain agus 8 mí d'aois agus 18 mbliana d'aois. Cuirtear de chúram uirthi freisin an ról cigireachta sin a leathnú lena chuimsiú monatóireacht an tsoláthair oideachais do pháistí ó 0-3 bliana d'aois, de réir gealltanais in *Na Chéad 5, Straitéis Rialtais Iomláin do Bhabaithe, do Pháistí Óga agus dá dTeaghlaigh*.



I ndáil ar an gcúram leathnaithe sin, beidh ról cigireachta ag Cigireacht na RO maidir le cáilíocht oideachasúil an tsoláthair i suíomhanna ionadbhunaithe agus i scoileanna ina bhfreastalaítear ar fhoghlaiméirí ó 0 - 18 mbliana d'aois. D'fhéadfaí gurb é tógáil na gceangal dearfach ar fud na suíomhanna oideachas LFC, na suíomhanna bunoidreachais agus na suíomhanna iar-bhunoideachais mar thoradh air sin, agus, tríd sin, d'fhéadfaí go dtiocfadh feabhas ar eispéiris na bpáistí agus na ndaoine óga san aistriú oideachasúil.

Tá Cigireacht na RO i mbun oibre faoi láthair chun múnla COL 0-6 a fhorbairt atá ar aon dul leis an ngealltanas sin. Leanfar leis an obair forbartha sin i ndornán suíomhanna LFC sa tréimhse ó Mheán Fómhair go Nollaig 2021. Beidh faisnéisiú agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara an oideachais sna luathbhlianta ar siúl mar aon le triail ar an múnla COL 0-6 ag an am céanna i ndlúthpháirtíocht le suíomhanna oibríthe deonacha LFC. Más spéis leat bheith rannpháirteach sa triail seo, déan teagmháil le EYEInspectorate@education.gov.ie le do thoil.

2.3 Guth na bPáistí agus na dTuismitheoirí

Dar linn, mar Chigireacht, ba mar gheall ar thaithí na paidéime a leagadh béim ar thábhacht an ghutha – bheith ag éisteacht le tuairimí na bpáistí agus a dtuismitheoirí ar eispéiris foghlama na bpáistí ar an uile leibhéal sa chóras oideachais. Sa chomhthéacs LFC, déanfaidh Cigireacht na RO slite nua rannpháirtíochta a thástáil le tuismitheoirí i rith na gcigireachtaí, amhail trí shuirbhéanna ar líne nó cruinnithe le grúpaí fócais idir na cigirí agus na tuismitheoirí le linn na tréimhse ó Mheán Fómhair 2021 - Meitheamh 2022. Lena chois sin, leanfaidh Cigireacht na RO le forbairt a dhéanamh ar shlite chun dul i ngleic leis na páistí roimh an gcigireacht, lena linn agus ina diaidh.

3. Scaipeadh thorthaí na gcigireachtaí oideachais agus scaipeadh na n-áiseanna oideachasúla

Leanfaidh Cigireacht na RO le bheith ag foghlaim ó na torthaí ar anailís na gcigireachtaí oideachais sna suíomhanna LFC chun breis ábhar a fhorbairt agus a fhoilsiú ina sraith de sheimineáir ghréasáin, *Léargas: Cáilíocht san Oideachas*

(<https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/leargas/>).

Go nuige seo, forbraíodh seimineáir ghréasáin ar na hábhair seo a leanas:

- Aistrithe
- Luathlitearthacht
- Measúnú don Fhoghlaim
- Scileanna Fisiceacha a Fhorbairt



- Féinmheastóireacht
- Timpeallachtaí Éifeachtacha Foghlama Amuigh faoin Aer
- Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht
- Teacht Aniar a chur Chun Cinn.

D'fhoilsíomar dhá sheimineár gréasáin chun tacú le cleachtóirí LFC agus iad ag dul i ngleic le próisis COL.

Táthar ag cur seimineár gréasáin le chéile ar na hábhair seo a leanas, agus foilseofar iad sna míonna atá le teacht:

- Comhpháirtíocht le Tuismitheoirí
- Bheith ag obair le hAoisghrúpaí Measctha
- An tSaorimirt
- An Chruthaitheacht a chur Chun Cinn
- Luath Thumoideachas

Le cois torthaí na cigireachta agus an taighde a fhógairt, tríd an obair seo éascaítear eiseamláir den chleachtas éifeachtach sna suíomhanna LFC a bhailiú agus a chomhroinnt go náisiúnta agus cuirtear comhthuiscint an tsoláthair agus an chleachtas den luathoideachas ar ardchaighdeán chun cinn i measc na ngrúpaí páirtithe leasmhara ar fad, lena n-áirítear gairmithe oideachas luathbhlianta, ceannairí suíomhanna, bainisteoirí agus tuismitheoirí. Más mian leat aiseolas a thabhairt/tuairim a chur in iúl maidir leis na seimineáir ghréasáin Léargais, nó más mian leat go gcuirfí ar an eolas thú ar fhoilsiú sraithe nua, le do thoil inis dúinn chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas insights_info@education.gov.ie

4. Réamhfhógra

Is iondúil go dtabharfar réamhfhógra don suíomh LFC maidir le cigireachtaí a bheidh ar siúl ag Cigireacht na RO idir Meán Fómhair 2021 agus Meitheamh 2022. Le linn na teagmhála tosaigh sin, déanfar socrúithe lena chinntiú go mbeifear in oiriúint le treoir maidir leis an tsláinte phoiblí le linn na cigireachta, agus bailiú na faisnéise barantúla san áireamh chun tacú leis an measúnú. Mar shampla, d'fhéadfaí cruinnithe réamhchigireachta agus iarchigireachta a shocrú ó chian, bíodh siad ar an nguthán nó ar líne. Nuair a dhéanann an cigire an teagmháil tosaigh leis an suíomh LFC soláthrófar agus pléifear breis eolais chun tacú leis na suíomhanna LFC agus iad ag dul i ngleic le gníomhaíochtaí na cigireachta.

Is ar bhonn deonach a bheidh rannpháirtíocht sa triail ar an múnla COL 0- 6 agus a bheidh rannpháirtíocht in aon obair thrialach nó forbartha a bheidh ar bun



ag Cigireacht na RO, agus tabharfar réamhfhógra do na suíomhanna LFC maidir leis na socruithe céanna.

5. Comhairle maidir leis an tSláinte Phoiblí

I gcás gach cigireachta agus rannpháirtíochtaí Chigireacht na RO sna suíomhanna LFC idir Meán Fómhair 2021 agus Meitheamh 2022 beifear go hiomlán ar an eolas faoin gcomhairle reatha maidir leis an tsláinte poiblí agus beifear ag teacht léi. Leanfar leis an uile chigireacht a dhéanamh ar shlí a oireann agus a ghéilleann do chomhthéacs oibríochta a bhaineann le gach aon suíomh LFC.

Harold Hislop
Príomhchigire
oci@education.gov.ie